Polasaí Inúsáidte (Rochtán ar idirlíon)

Sé aidhm an pholasaithe seo na a chinntiú go mbainfidh na daltaí tairbhe as na heispéiris fhoghlama atá á chur ar fáil ag acmhainní idirlíon na scoile i mbealach sábháilte agus éifeachtach. Aithnítear sa scoil gur acmhainn scoile agus pribhléid é úsuáid na hidirlíne agus rochtán ar an idirlíon. Chuige sin, muna gcloítear leis an bpolasaí scoile ina thaobh, bainfear an pribhléid agus cuirfear na smachtbhannaí cuí i bhfeidhm, faoi mar atá leagtha amach sa pholasaí seo. Samhlaítaer go ndéanfaí athbhreithniú gach 3ú bhliain ar an bpolasaí seo.

Rinnaedh an leagan seo den pholasaí a dhréachtadh i dTéarma 1, 2019/20 agus dhaingnigh an bord é ar an 24/10/19. Sula sínítear an fhoirm, is gá an polasaí a léamh go cúramach le deimhniú go nglacann tú agus do pháiste leis na coinníollacha faoi mar atá siad leagtha amach. Déanfar an polasaí a athbhreithniú sa bhliain 2022/23.

I gcomhthéacs na srianta atá curtha i bhfeidhm maidir le COVID-10, rinne Bord Bainistíochta na scoile athbhreithniú ar an bpolasaí i gcomhairle leis an bhfoireann agus na tuismitheoirí chun an cianfhoghlaim a áireamh. Rinneadh na leasaithe a dhaingniú ar an 22/6/20.

Stráitéisí Scoile:

Tá réimse stráitéisí in úsáid ag an scoil le deiseanna foghlama a mhéadú agus chun rioscaí maidir le húsáid na hidirlíne a laghdú. Áirítear ina measc na stráitéisí seo a leanas:
Ginearálta:
• Déanfaidh múinteoirí feitheoireacht ar pháistí agus iad ag úsáid na hidirlíne. Nótáiltear áfach gurb é dualgas an dalta a bheith freagrach ar líne agus cloí le treoirlínte an mhúinteora. Ní bheidh sé ar chumas an mhúinteora súil ghéar a choinneáil ar gach dalta go haonarach agus iad i mbun oibre ar na iPads agus is gá do dhaltaí treoir an mhúinteora a leanúint. Bainfear úsáid as Cód Iompair na scoile chun plé le haon mhí úsaid as iPads nó ríomhairí.
•Bainfear úsáid as bogearraí scagaireachta agus/nó córais choibhéasacha chun laghdú a dhéanamh ar bhaol rochtán a bheith ag daltaí ar ábhar mí-oiriúnach. Tá idirlíon na scoile cosanta ag balla dóiteáin de chuid an PDST. Déanann an scoil monatóireacht rialta ar úsáid idirlíon na ndaltaí.
• Cuirfear oiliúint ar fáil do dhaltaí agus mhúinteoirí maidir le sábháilteacht ar líne. Tugadh óráid do thuistí mar chuid de CCB na dtuistí 2009/10 agus arís ag CCB 2015/16. Mar chuid den Seachtain Fhrithbhulaíochta bhliaintiúil déantar ceardlanna do dhaltaí agus do thuismitheoirí maidir le bheith sábháilte ar líne.
• Tá cosc ar uas agus íoslódáil bogearraí neamhcheadaithe

• Baintear úsáid as agus déantar uasdátú rialta ar bhogearraí cosanta virís.
• Tá cosc ar CD-ROMs pearsanta The use of personal CD-ROMs in school is not allowed.
• Bainfidh na daltaí úsáid as dea-"netiquette" i gconaí agus ní thabharfaidh siad faoi aon iompar a dhéanfadh dochar d'ainm na scoile .

Sa chás go ndéantar damáiste d'aonghnó d'earraí na scoile, beidh ar thuismitheoirí/chaomhnóirí an costas a sheasamh.

Idirlíon
• Bainfidh na daltaí úsáid as an idirlíon do chúinsí oideachasúla amháin
• Beidh daltaí eolach maidir le saincheisteanna cóipcheart a bhaineann le foghlaim ar líne. • Pupils will never disclose or publicise personal information.
• Tuigfidh na daltaí go ndéanfaí monatóireacht ar aon úsáid, ag áireamh eolas a scaipeadh agus a fháil a bhaineann le cúrsaí scoile nó pearsanta do ghníomhaíocht aisteach, cúrsaí slándála nó cúiseanna bainistíochta an

• Ní rachaidh daltaí ar ar shuímh idirlíne a bhfuil ábhar mídhleachtach, gairsiúil, gránna nó aon ábhar nach bhfuil inghlacta.
• Múinfear dona páistí conas úsáid oiriúnach a bhaint as an idirlion, ag baint úsáide as ábhar múinteoireachta www.webwise.ie

Déanfaidh an múinteoir cinneadh maidir le hoiriúntacht shuimh idirlíne.

Rphoist
• D'fhéadfadh sé go mbeadh rochtán ag daltaí ar áiseanna rphoist ar scoil. Ach beidh siad seo ann chun go mbeidh rochtán acu ar a leithead de Google Classroom nó Docs agus déanfaidh múinteoirí agus tuismitheoirí/caomhnóirí monatóireacht orthu siud.

Nuair atá daltaí ag úsáid Google Classroom agus Aipeanna Gsuite, bainfidh siad úsáid as rphoist ranga faomhaithe, faoi stiúr múinteoirí nó tuismitheoirí/caomhnóirí.

- Ní chuirfidh nó ní ghlacfaidh daltaí le aon ábhar mídhleachtúil, gairsiúil, clúmhillteach nó atá ag iarraidh cur isteach ar nó ag déanamh imeaglú ar aon éinne eile.

- Ní roinnfidh daltaí a gcuid sonraí pearsanta féin nó sonraí pearsanta éinne eile, ar nós seoltaí, uimhreacha gutháin nó pictiúir.
- Ní shocróidh daltaí cruinnithe "aghaidh ar aghaidh" le héinne nach bhfuil aithne acu orthu ach tríd rphost nó an idirlíon
- Is gá do dhaltaí cead an mhúinteora a bheith acu chun rphoistle hiatáin a sheoladh nó a fháil.
- Bainfidh gach ball foirne úsáid as rphost oibre nuair atá eolas maidir le scoil á roinnt

- Ní bhainfear úsáid as sonraí pearsanta nó eolas rúnda i líne ábhar rphoist.

Cianfhoghlaim:

- Nuair nach féidir le múinteoireacht tarlúint ar shuíomh na scoile, is féidir le múinteoirí úsáid a bhaint as Google Classroom, Google Meet, Zoom, SeeSaw, Aladdin Connect nó aon árdán eile atá faomhaithe ag an bpríomhoide agus an coordaitheoir TEC chun cabhrú leis an gcianfhoghlaim nuair is gá.
- Tá téarmaí agus coinníollacha na n-árdán ar líne ata in úsáid sínithe ag an scoil.
- Tá an córas slándála agus córas príobháideachais is nua in úsáid ag an scoil maidir leis na hárdáin ar líne.
- I gcás Google Classroom agus Google Meet, is gá do thuismitheoirí/chaomhnóirí rochtán an pháiste ar sheoladh rphoist scoile ar nós céadainm.sloinnebliaintosaithe@gsbhailebrigin.ie a cheadú.
- Tabharfar pasfhocal do thuismitheoirí/chaomhnóirí agus bheifí ag súil go ndéanfaidh siad monatóireacht ar úsáid an pháiste ar a gcuntas Gmail agus aon ardán eile ar líne atá in úsáid
- Má ta múinteoir ag úsáid Zoom, is gá do thuismitheoir/chaomhnóir cead a thabhairt don dalta bheith i láthair an tseisiúín. Roinnfear na naisc chuig na seisiúin via Aladdin Connect le tuismitheoirí/caomhnóirí agus ceadaíonn an tuismitheoir/caomhnóir tríd an dalta a scaoileadh isteach.

- Tá cosc ar thaifead a dhéánamh ar aon fhoram ar líne – Meets/Zoom srl. Pléfear le aon taifead (pictiúir nó fiseán) i gcomhthéacs an pholasaí iompair agus glacfar leis mar dhianshárú ar rialacha na scoile.

Protacal i leith Físchomhdháil:

- Is gá do gach ball bheith gléasta go hoiriúnach (msh níl cead éadaí codlata bheith ar éinne)
- Is gá do gach ball bheith i seomra clainne (msh cistin/seomra suite/Oifig nó eile – ní i seomra codlata).
- Ba cheart cúlra neodrach bheith taobh thiar do gach ball.
- Nuair is féidir, ba cheart do dhuine fásta bheith i láthair. Sa chás go bhfuil seisiún "aghaidh ar aghaidh" ar siul ag múínteoir nó CRS, is gá do dhuine fásta eile bheith i láthair sular féidir leanúint ar aghaihd leis an seisiún.
- Ba cheart go mbeadh na micreofóin muchta (is féidir leis an óstach sin a dhéanamh).
- Níor cheart go mbeadh ithe ar siúl le linn ranganna ar líne.
- Tá cosc ar dhaltaí a bheith ag úsáid a gcuid fóin le linn seisúin ar líne
- I gcás seisiúin ar líne le daltaí, ba cheart do bhaill foirne a feidhm óstála a roinnt a mhúchadh (más féidir), le cinntiú go dtagann deireadh le seisiún má thiteann gréasán an óstaí.
- Go mbeidh meas ag gach rannpháirtí ar gach seisiún. Is ionann cruinnithe, ceachtanna, seisiúin agus tionóil ar líne agus cinn aghaidh ar aghaidh agus chuige sin, ba cheart do gach rannpháirtí iad féin a iompair mar is ceart.
- Ag cruinnithe Bhord Bhainistíochta, is gá do bhaill a dheimhniú nach bhfuil éinne eile i láthair agus tá dualgas ar gach duine a chinntiú nach féidir le héinne eile ábhar an chruinnithe a chloisteáil. Aontófar protacail le labhairt ag tús gach cruinnithe.
- Ba cheart do bhaill foirne gach réamhchúrm a thógáil nach roinnfear aon eolas pearsanta nuair atá scáileáin á roinnt.

Comhráití Idirlíne (Rochtán an-srianta amháin)

• Ní bheidh rochtán ag daltaí ar "seomraí comhrá" nó pléfhoraim nó aon fhoram cumarsáide leictreonach eile nach bhfuil faomhaithe ag an scoil. .
• Bainfear úsáid as seomraí comhrá, pléfhoraim nó aon fhoram cumarsáide leictreonach do chúrsaí oideachasúla amháin agus beidh feitheoireacht déanta orthu.
• Bainfear úsáid as ainmneacha úsáideoirí chun aitheantas an duine a chaomhnú.
• Tá cosc iomlán ar cruinnithe aghaidh ar aghaidh a shocrú le duine tríd an idirlíon

• IS féidir na hárdáin faomhaithe ag an scoil a úsaid chun teagmháil a dhéanamh le daltaí ó scoileanna eile, faoi stiúr an mhúinteora ranga.

Suiomh na Scoile,/Blag/.Meáin Shóisialta na scoile:
•Beidh deis ag daltaí a gcuid oibre msh tionscadal, ealaín srl a fhoilsiú ar shuíomh/bhlag nó mheáin shóisialta na scoile.
• Déanfaidh an múinteoir comhordú ar aon fhoilsiúchán oibre. Níl rochtan ag daltaí ar shuíomh nó mheáin shóisialta na scoile,
•Foilseofar aon obair dalta i gcomhthéacs oideachasúil ar shuíomh na scoile

•Ní bheidh éinne in ann aon dalta a aithint toisc a bpictiúr bheith ar shuiomh na scoile. Ní chuirfear aon ainmneacha le haon phictiúr. Beidh cead an tuismitheora/chaomhnóra faighte roimh aon rud a chur suas. Déanfar gach iarracht a chinntiú nach gcrochfar aon phictiúr de pháiste aonarach - is pictiúir ghrúpa a bheidh ann.

• Ní chrochfar aon eolas pearsanta faoi aon pháiste ar an suíomh, ag áireamh sloinnte, seoltaí baile, sonraí teagmhála.
•Beidh cóipcheart ag daltaí ar aon obair dá gcuid a fhoilsítear.

- Suíomh na scoile: www.gsbhailebrigin.ie

- Twitter na scoile: @gsbhailebrigin
- Iarrtar ar thuismitheoirí/chaomhnoirí a chinntiú go bhfuil aon teachtaireachtaí sheoltar ar líne nó aon nótaí tráchta a chuirtear ar mheáin shóisialta na scoile measúil. Pléfear le haon teachtairteacht scriofa ar líne mar a gcéanna le haon teachtaireacht a chuirtear chun na scoile.

iPads/Ríomhairí/Gléasanna pearsanta

- Níor cheart do dhaltaí a gcuid ipads a fhágáil gan duine ina mbun
- Ba cheart do dhaltaí treoracha an mhúinteora maidir le dul isteach ar aipeanna a leanúint – níl cead ach dul arc inn atá ceadaithe ag múinteoir
- Is gá do dhaltaí cead a fháil roimh aon teachtaireacht leictreonach a chur
- Níl cead fiseáin nó taifead a rinneadh ar scoil a roinnt nó a chur amach gan cead an mhúinteora
- Níl cead an ceamra nó an gléas taifid a úsáid gan cead an mhúinteora
- Tá cosc iomlán ar úsáid ríomhairí nó ipad nó eile muna bhfuil múinteoir sa seomra.
- Is gá iPads a chur faoi ghlas le linn am lóin /théis am scoile nó aon am eile atá na seomraí folamh

- Má ghlacann múinteoir pictiúr nó má dhéanann siad taifead ar a gléas pearsanta, is gá é a íoslódáil chuig gréasán na axoilw nó aon shhuíomh a bhaineann leis an scoile a luiaithe is gur féidir. Is gá dó bheith bainte de do ghléas láithreach. Ba cheart gach iarracht a dhéanamh gléasanna na scoile a úsáid chun pictiúir nó taifid a thógáil.

Reachtaíocht:
Cuirfidh an scoil eolas maidir leis an reachtaíocht seo a leanas ar fáil mar a bhaineann le húsáid na hidirlíne ar cheart do thuismtitheoirí agus bhaill foirne aithne a chur orthu:
• Data Protection (Amendment) Act 2003 (see school policy)
• Child Trafficking and Pornography Act 1998
• Interception Act 1993
• Video Recordings Act 1989
• The Data Protection Act 1988

Struchtúir Thacaíochta:
Cuirfidh an scoil daltaí agus tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas maidir le heochar struchtúir thacaíochta agus eagraíochtaí a phléann le hábhair mhídhleathúla nó aon míúsáid idirlíne.
Smachtbhannaí:
Is féidir go mbeadh smachtbhannaí i gceist, ag áireamh foláireamh scríofa, baint pribhléidí, agus más gá, fionraí mar thoradh ar mhí-úsáid na hidirlíne. Cuirfear an polasaí seo i bhfeidhm i gcomhpháirt leis an gCód Iompair. Forchoimeadann an Bord Bainistíochta an ceart aon ghníomhaíochtaí mídhleathúla a thuairisciú chuig na húdaráis chuí.

Athbhreithniú:
Cuireadh an polasaí seo le chéile in 2012 agus rinneadh athbhreithniú rialta air de réir mar a thagann forbairtí sa teicneolaíocht chun cinn, go háirithe i gcomhthéacs an oideachais. Le blianta beaga anuas tá cláracha bána idirghníomhacha á chur isteach chomh maith le iPAds a chur sna seomraí. Beidh athbhreithniú iomlán ar siul in 2016-17. Déanfar comhairleachán le foireann, tuismitheoirí/caomhnóirí, daltai agus an Bord Bainistíochta.

Rinneadh athbhreithniú ar an bpolasaí seo i dtearma 1 219020 agus arís i dtéarma 3 2019/20 i gcomhthéacs Covid-19 agus an chianfhoghlaim.

Daingníodh an polasaí ag cruinniú boird ar an 22.6.20.

Déanfar athbhreithniú arís air in 2023-24 nó níos luaithe más gá.

Siniú an Chathaoirligh: _____

Dáta sinithe: 22.6.20

Permission Form

Name of Pupil: _____ **Class:** _____
Please review the schools Acceptable Use Policy then sign and return this permission form only to the class teacher.

Pupil

I agree to follow the school's Acceptable Use Policy on the use of the Internet. I will use the Internet in a responsible way and obey all the rules explained to me by the school.

- I will only go on websites that have been approved by my teacher. I will not visit an inappropriate site on purpose.
- If I accidentally access an inappropriate site or image, I will minimise the page and tell the teacher immediately, without attracting the attention of those around me.
- I will use the Internet and digital media for educational purposes only.
- I will always use a safe search engine such as image bank on www.scoilnet.ie to look up images.
- I will refrain from directly copying information from the Internet into my own work. I will always use my own words.
- I will never download images or words that have nothing to do with my school work.
- I am fully aware that everything I do on a school computer/laptop is monitored by the school.
- I will never access my personal email account in school.
- I will never access social media in school

Pupil's Signature _____ **Date:** _____

Parent/Guardian

As the parent or legal guardian of the above pupil, I have read the Acceptable Use Policy and grant permission for my son or daughter or the child in my care to access the Internet. I understand that Internet access is intended for educational purposes. I also understand that every reasonable precaution has been taken by the school to provide for online safety but the school cannot be held responsible if pupils access unsuitable websites.

I accept the above paragraph □ I do not accept the above paragraph □
(Please tick as appropriate)

In relation to the school website/twitter account, I accept that, if the school considers it appropriate, my child's schoolwork may be chosen for inclusion on the website. I understand and accept the terms of the Acceptable Use Policy relating to publishing children's work on the school website.

I accept the above paragraph □ I do not accept the above paragraph □
(Please tick as appropriate)
Signature: _____ **Date:** _____